Oifig Náisiúnta Imdhíonta
HSE National Immunisation Office
www.immunisation.ie

NIO.01.09.25.01 Meán Fómhair 2025

**Maidir le: An Clár Vacsaínithe Scoile do Naíonáin Shóisearacha**

A Thuismitheoir nó A Chaomhnóir, a chara,

Sa phacáiste seo léifidh tú eolas maidir le vacsaíní le haghaidh do pháiste. Déan deimhin go léann tú an t-eolas, go líonann tú isteach an fhoirm thoilithe agus go seolann tú ar ais í sa chlúdach litreach atá curtha ar fáil. Tá sé tábhachtach an fhoirm thoilithe atá curtha i gcrích a thabhairt ar ais chuig an scoil, fiú mura mbeidh do pháiste ag fáil an vacsaín.

**Cén vacsaíní a gheobhaidh do pháiste ar scoil?**

Beidh foireann vacsaínithe scoile an FSS ag dul chuig scoileanna i rith na scoilbhliana chun teanndáileoga saor in aisce de na vacsaíní seo a leanas a thairiscint:

- Vacsaín **4 ghalar** a thugann cosaint ar dhiftéire, phóilió, theiteanas, agus ar an triuch
- Vacsaín **MMR** a thugann cosaint ar bhruitíneach, leicneach agus bhruitíneach dhearg

**Cén tábhacht a bhaineann leis na vacsaíní seo?**

Cosnaíonn na vacsaíní seo do pháiste ó sheacht n-ionfhabhtú dhifriúla.

Tá an bhruitíneach ag scaipeadh in Éirinn, dá bhrí sin, tá sé tábhachtach do pháiste a chosaint le vacsaín teanndáileoige MMR. Chomh maith leis sin, tá triuch ag scaipeadh ag leibhéil níos airde ná mar is iondúil. Cosnaíonn an vacsaín 4 ghalar i gcoinne Treacha agus trí ionfhabhtú eile lena n-áirítear Diftéire, Póilió agus teiteanas.

**Cé mhéad dáileog atá ag teastáil ó do pháiste?**

Ní mór do do pháiste dáileog amháin de vacsaín 4 vacsaín agus dáileog amháin den vacsaín MMR a fháil. Tabharfaidh an t-altra nó an dochtúir instealladh amháin i ngach lámh.

**Cathain a tharlóidh na cuairteanna?**

Beidh foireann vacsaínithe scoile an FSS ag dul chuig scoileanna i rith na scoilbhliana. Beidh a fhios ag an scoil an dáta ar a mbeidh an vacsaíniú le déanamh.

**Céard atá le fáil sa phacáiste seo?**

- Bileoga eolais faoi na vacsaíní agus na galair a gcuireann siad cosc orthu.
- Foirm thoilithe don vacsaín.
- Comhlánaigh foirm thoilithe, le do thoil.
- Seol an fhoirm seo ar ais sa chlúdach litreach a cuireadh ar fáil sula gcuirfear tús leis na vacsaínithe.
- Ní mór an fhoirm seo a chomhlánú i mBLOCLITREACHA le peann agus ní mór don tuismitheoir nó don chaomhnóir dlíthiúil í a shíniú.

**Céard is féidir leat a dhéanamh chun cabhair a thabhairt ar an lá vacsaínithe?**

Ar an lá vacsaínithe, cinntigh go ndéanann do pháiste an méid seo a leanas:

- Itheann sé nó sí bricfeasta.
- Caitheann sé nó sí barréide scaoilte le muinchillí gearra.
- Tugann sé nó sí a c(h)árta taifid imdhíonta/pas imdhíonta leis nó léi chun na scoile, má tá a leithéid aige nó aici.

Má tá aon cheist agat, beidh baill den fhoireann vacsaínithe sásta cabhrú leat. Tá na huimhreacha teagmhála do na foirne vacsaínithe ar fáil ar www.immunisation.ie, áit a bhfaighidh tú tuilleadh eolais faoin gclár seo freisin.

Is mise le meas,

**An Dr Lucy Jessop**
**Comhairleoir i Míochaine Sláinte Poiblí – Ceannasaí Náisiúnta Imdhíonta,**
**An Oifig Náisiúnta Imdhíonta MRCN 424447**